2024/2170

23.8.2024

CINNEADH UIMH. 1/2024 ÓN gCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an 16 Bealtaine 2024

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste [2024/2170]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 164(4)(e) de, chomh maith le Airteagal 5(2) de Chreat Windsor ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste, arna bhunú faoi Airteagal 164(1) de ('an Comhchoiste'), ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na cinntí sin a chur chun feidhme agus tá na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag na cinntí sin agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar.

(2) Faoi Airteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin é Creat Windsor.

(3) Maidir le gluaiseacht earraí, le hAirteagal 5(2) de Chreat Windsor cumhachtaítear don Chomhchoiste cinntí a ghlacadh lena mbunófar na coinníollacha faoina measfar nach próiseáil tráchtála í an phróiseáil agus na critéir lena measfar, i dtaca le hearra arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuil baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin.

(4) Is inmhianaithe feabhas a chur ar oibriú na scéimeanna a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1/2023 ([3]) ón gComhchoiste, i ndáil le cur i bhfeidhm taraif-chuótaí na Ríochta Aontaithe a mhéid a bhaineann le hallmhairiú na n-earraí a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo isteach i dTuaisceart Éireann, Iarscríbhinn a chuirfear leis an gCinneadh mar Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste mar seo a leanas:

1. In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) is i dTuaisceart Éireann a dhéanfar an phróiseáil agus is chun na críche seo a leanas amháin an phróiseáil sin:

(i) bia a dhíol le tomhaltóir deiridh sa Ríocht Aontaithe;

([1]) IO EU L 29, 31.1.2020, lch. 7.
([2]) De bhun Dhearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, tagraítear don Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann mar Chreat Windsor (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).
([3]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor (IO AE L 102, 17.4.2023, lch. 61).

(ii) foirgníocht, i gcás inar cuid bhuan iad na hearraí a phróiseálfar de dhéanmhas a dhéanfaidh an t-allmhaireoir nó eintiteas amháin ina dhiaidh sin agus a shuífidh sé i dTuaisceart Éireann;

(iii) soláthar díreach ón allmhaireoir nó ó eintiteas amháin ina dhiaidh sin, i dTuaisceart Éireann, d'fhaighteoir seirbhísí sláinte nó seirbhísí cúraim;

(iv) gníomhaíochtaí neamhbhrabúis i dTuaisceart Éireann ag an allmhaireoir nó ag eintiteas amháin ina dhiaidh sin, i gcás nach ndíoltar an t-earra próiseáilte ina dhiaidh sin;

(v) úsáid deiridh mar bheatha ainmhithe in áitreabh atá suite i dTuaisceart Éireann ag an allmhaireoir nó ag eintiteas amháin ina dhiaidh sin; nó

(vi) earraí a liostaítear in Iarscríbhinn V a dhíol le tomhaltóir deiridh sa Ríocht Aontaithe, nó úsáid na n-earraí sin ag tomhaltóir deiridh sa Ríocht Aontaithe.'.

2. Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

a. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1(b):

'(b) i gcás earraí a thabharfar isteach i dTuaisceart Éireann trí bhíthin iompar díreach ó áit seachas an tAontas nó cuid eile den Ríocht Aontaithe:

(i) tá an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais cothrom le, nó níos lú ná, an dleacht is iníoctha de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe;

(ii) tá an t allmhaireoir údaraithe i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 den Chinneadh seo an t-earra sin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann lena dhíol le tomhaltóirí deiridh atá suite i dTuaisceart Éireann, nó lena sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh atá suite i dTuaisceart Éireann (lena n-áirítear i gcás ina raibh an t-earra sin faoi réir próiseáil neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo sula ndearnadh é a dhíol le tomhaltóirí deiridh, nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh) agus tá an difríocht idir an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais agus an dleacht is iníoctha de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe níos lú ná 3 % de luach custaim an earra; nó

(iii) maidir leis na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn V, tá údaraithe don allmhaireoir i gcomhréir le hAirteagail 9 go 11 den Chinneadh seo an t-earra sin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann, lena dhíol le tomhaltóirí deiridh atá suite sa Ríocht Aontaithe nó le haghaidh úsáid ag tomhaltóirí deiridh atá suite sa Ríocht Aontaithe (lena n-áirítear an cás ina raibh an t-earra sin faoi réir próiseáil neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo sula ndearnadh é a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh) agus,

(aa) na rátaí dleachta laistigh den chuóta agus lasmuigh de araon a chinntear ar bhonn Chomhtharaif Chustaim an Aontais agus taraif chustaim na Ríochta Aontaithe, is iad sin na rátaí a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(bb) tá iarratas déanta ag an allmhaireoir ar rochtain ar tharaif-chuóta ábhartha de chuid na Ríochta Aontaithe, rochtain a d'fhéadfaí a dheonú faoi tharaif-chuótaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V faoi réir (cc); agus

(cc) cainníocht an earra arna allmhairiú, nuair a chomhiomlánófar í le cainníocht na n-earraí faoin tsraithuimhir chuóta ábhartha a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann sa bhliain sin faoin mír seo, nach mó an chainníocht sin ná an chainníocht le haghaidh na n-earraí faoin tsraithuimhir chuóta ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn V.';

b. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Ní bheidh feidhm ag mír 1(a)(i), mír 1(a)(iii) ná mír 1(b)(i) maidir leis na hearraí dá dtagraítear i mír (1)(b)(iii).

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1(a)(ii), mír 1(a)(iii) ná mír 1(b)(ii) maidir le hearraí atá faoi réir bearta cosanta trádála arna nglacadh ag an Aontas.';

c. cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'4. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallaíonn 'beartán' pacáiste ina bhfuil an méid seo a leanas:

(a) earraí, seachas mír chomhfhreagrais, nach mó ná 31,5 kg a n-ollmheáchan iomlán; nó

(b) earra míre aonair, seachas mír chomhfhreagrais, nach mó ná 100 kg a ollmheáchan iomlán, i ndáil le hidirbheart tráchtála.'.

3. Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

a. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(ii), Airteagal 7(1)(b)(ii), agus Airteagal 7(1)(b)(iii) den Chinneadh seo, déanfar iarratas ar údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann trí bhíthin iompar díreach lena ndíol le tomhaltóirí deiridh, nó lena soláthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh a chur faoi bhráid údarás inniúil na Ríochta Aontaithe.’;

b. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 go 6:

‘4. Chun críoch Airteagal 7(1)(b)(iii), san iarratas beidh dearbhú maidir le rún an iarratasóra earraí a aistriú faoin bhforáil sin agus beidh faisnéis ann maidir leis na cainníochtaí bliantúla atá beartaithe agus le catagóirí ábhartha ceannaitheoirí laistigh den Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis dheireadh gach tréimhse chuóta bliantúil (a shonraítear in Iarscríbhinn V), soláthróidh an t-iarratasóir faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cainníocht na n-earraí a d’aistrigh sealbhóir an údaraithe faoi Airteagal 7(1)(b)(iii) le linn thréimhse an chuóta bhliantúil dheiridh, chomh maith le catagóirí ábhartha ceannaitheoirí laistigh den Ríocht Aontaithe don tréimhse sin; agus

(b) cainníocht na n-earraí a bhfuil sé beartaithe ag sealbhóir an údaraithe a aistriú faoi Airteagal 7(1)(b)(iii) le linn thréimhse an chuóta bhliantúil reatha, chomh maith le catagóirí ábhartha ceannaitheoirí laistigh den Ríocht Aontaithe don tréimhse sin.

5. Na forálacha i reachtaíocht chustaim an Aontais maidir le cinntí a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu maidir leis na hiarratais agus na húdaruithe dá dtagraítear san Airteagal seo, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le faireachán.

6. I gcásanna ina bhfeicfidh údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe mí-úsáid á baint d’aon ghnó as údarú nó sárú á dhéanamh ar na coinníollacha a ghabhann le húdarú a leagtar amach sa Chinneadh seo, cuirfidh an t-údarás an t-údarú ar fionraí nó cúlghairfidh sé é.’;

c. cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘7. Féadfaidh ionadaithe an Aontais a iarraidh ar údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe údarú sonrach a fhíorú. Déanfaidh údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe na bearta iomchuí mar fhreagairt ar an iarraidh sin agus cuirfidh sé faisnéis ar fáil faoin ngníomhaíocht a dhéanfar laistigh de 30 lá.’.

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘*Airteagal 10*

Coinníollacha ginearálta maidir le húdarú

Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(ii), Airteagal 7(1)(b)(ii), agus Airteagal 7(1)(b)(iii) den Chinneadh seo, féadfar údarú a dheonú d’iarratasóirí:

(a) a mbeidh na critéir um bhunú seo a leanas comhlíonta acu:

(i) tá siad bunaithe i dTuaisceart Éireann nó tá áit ghnó sheasta acu i dTuaisceart Éireann:

— a bhfuil acmhainní daonna agus teicniúla ann ar bhonn buan; agus

— óna ndéantar earraí a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí; agus

— a bhfuil teacht nó rochtain ann ar thaifid chustaim, ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair i dTuaisceart Éireann, nó

(ii) tá siad bunaithe i gcodanna den Ríocht Aontaithe seachas Tuaisceart Éireann agus comhlíonann siad na critéir seo a leanas:

— is sa Ríocht Aontaithe a dhéantar a n-oibríochtaí a bhaineann le cúrsaí custaim; agus

— tá ionadaí indíreach custaim acu i dTuaisceart Éireann; agus

— tá a dtaifid agus a bhfaisnéis chustaim, tráchtála agus iompair ar fáil nó inrochtana sa Ríocht Aontaithe d'údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe agus d'ionadaithe an Aontais chun comhlíontacht leis na coinníollacha agus leis na gealltanais arna dtabhairt de bhun an Chinnidh seo a fhíorú; agus

(b) a thabharfaidh gealltanas nach dtabharfaidh siad earraí isteach i dTuaisceart Éireann ach amháin lena ndíol le tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe, nó lena soláthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an cás ina raibh na hearraí sin faoi réir próiseála neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chinneadh seo sula ndearnadh iad a dhíol le tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh sa Ríocht Aontaithe; agus, i gcás díol le tomhaltóirí deiridh i dTuaisceart Éireann, a thabharfaidh gealltanas go ndéanfar an díol ó cheann amháin nó níos mó d'ionaid díolacháin fhisiciúla i dTuaisceart Éireann óna ndéantar díol díreach fisiciúil le tomhaltóirí deiridh.'.

5. In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun críocha Airteagal 7(1)(a)(ii), Airteagal 7(1)(b)(ii), agus Airteagal 7(1)(b)(iii) den Chinneadh seo, ní dheonófar údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ach amháin d'iarratasóirí a mbeidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10 den Chinneadh seo comhlíonta acu chomh maith leis na coinníollacha seo a leanas, mar a mhínítear a thuilleadh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo:

(a) dearbhaíonn an t-iarratasóir, i dtaca le hearraí arna dtabhairt isteach i dTuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(a)(ii), Airteagal 7(1)(b)(ii) nó le hAirteagal 7(1)(b)(iii) den Chinneadh seo, go ndéanfaidh sé dearbhú custaim i leith na n-earraí sin mar earraí a bhfuiltear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann;

(b) laistigh de thrí bliana roimh an iarratas, nach mbeidh aon sárú tromchúiseach ná athsháruithe déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht chustaim ná ar rialacha cánachais agus nach mbeidh ar taifead ina leith taifead i ndáil le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhain lena chuid gníomhaíochta eacnamaíche;

(c) i gcás earraí a bhfuiltear le dearbhú custaim a dhéanamh ina leith mar earraí nach ngabhann aon riosca leo, léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil ardleibhéal rialaithe aige ar a chuid oibríochtaí agus ar an sreabhadh earraí, trí bhíthin córas le haghaidh bainistiú taifead tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, bainistiú taifead iompair, a fhágann gur féidir rialuithe iomchuí a dhéanamh agus fianaise a sholáthar chun tacú leis an ngealltanas in Airteagal 10(b) den Chinneadh seo;

(d) tá seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir le linn na tréimhse trí bliana roimh an iarratas, nó sa tréimhse ó bunaíodh é i gcás inar lú ná trí bliana é, amhail chun é a chur ar chumas don iarratasóir a ghealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta gnó lena mbaineann;

(e) ba cheart don iarratasóir a bheith in ann tuiscint shoiléir a léiriú ar a oibleagáidí faoin údarú seo agus i ndáil le gluaiseachtaí na n-earraí faoin scéim agus ar conas iad a chomhlíonadh.'.

6. In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Arna iarraidh sin d'ionadaithe an Aontais dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus i gcás (a) dhá uair sa bhliain ar a laghad agus i gcás (b) uair sa bhliain ar a laghad ag deireadh gach tréimhse chuóta bliantúil, soláthróidh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe an méid seo a leanas do na hionadaithe sin:

(a) maidir leis na húdaruithe arna ndeonú de bhun Airteagail 9 go 12 den Chinneadh seo, faisnéis i bhfoirm chomhiomlánaithe agus in aghaidh an údaraithe, lena n-áirítear líon na n-údaruithe ar glacadh leo, a diúltaíodh agus a cúlghaireadh, agus áit bhunaithe na sealbhóirí údaraithe; agus

(b) i gcás earraí a aistrítear faoi Airteagal 7(1)(b)(iii), faisnéis in aghaidh an údaraithe agus in aghaidh na sraithuimhreach cuóta maidir leis an gcainníocht a úsáideadh le linn thréimhse an chuóta bhliantúil agus an chainníocht atá fós ar fáil ag deireadh na tréimhse sin chomh maith le faisnéis chomhiomlánaithe maidir le díol nó úsáid na n-earraí sin trí thagairt do chatagóirí ceannaitheoir ábhartha laistigh den Ríocht Aontaithe.'.

7. In Airteagal 15, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'5. Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar Iarscríbhinn V arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe.

6. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas gan mhoill maidir le hathruithe atá beartaithe ar rátaí dleachta laistigh den chuóta nó rátaí dleachta lasmuigh den chuóta is infheidhme maidir le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn V.'.

8. Cuirtear an téacs atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leis an gCinneadh mar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

David CAMERON Maroš ŠEFČOVIČ

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN V

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
Uaineoil	05.2011 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An Airgintín	117 300 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12,80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12,80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12,00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12,00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig
	05.2101 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2102 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.9700	0204.10 0204.21 0204.22 0204.23 0204.30 0204.41 0204.42 0204.43 0210.99.21 0210.99.29 1602.90.91	An Astráil	305 660	Neamhbhainteach	Nialas	Ó 12,80 % + EUR 90.20 / 100 kg go 12,80 % + EUR 311.80 / 100 kg Le haghaidh 02109921 = EUR 222.70 / 100 kg glan Le haghaidh 02109929 = EUR 311.80 / 100 kg glan Le haghaidh 16029091 = 12,80 %	Ó 12,00 % + GBP 75.00 / 100 kg go 12,00 % + GBP 260.00 / 100 kg, Nó GBP 186.00 / 100 kg go GBP 260.00 / 100 kg, Nó 12,00 %	1 Eanáir	31 Nollaig
	05.2012 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71		486 692 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12,80 % + EUR 90.20 / 100 kg go 12,80 % + EUR 311.80 / 100 kg	Ó 12,00 % + GBP 75.00 / 100 kg go 12,00 % + GBP 260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2105 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2106 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.2017 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	13 200 (meáchan conablaigh)	Neamhbhainteach	Nialas	Ó 12,80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12,80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12,00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12,00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2170/oj

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2018 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2020 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.1922 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An tSile	45 120 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2115 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2116 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.0690 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	Oileáin Fharó	90 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2170/oj

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2129 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2130 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.0693 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An Ghraonlainn	1 560 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2125 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2126 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.0833 (*Fo-chuótaí arna riar faoi 05.0833*) 05.0790 05.2119 05.2120	0204 0210.99.21 0210.99.29 0210.99.85.10	an Íoslainn	20 760	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR 90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR 311.80 / 100 kg Le haghaidh 02109921 = EUR 222.70 / 100 kg glan Le haghaidh 02109929 = EUR 311.80 / 100 kg glan Le haghaidh 0210998510 = 15.40 %	Ó 12.00 % + GBP 75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP 260.00 / 100 kg, Nó GBP 186.00 / 100 kg go GBP 260.00 / 100 kg, Nó 14.00 %	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2013 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An Nua-Shéalainn	2 863 940 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR 90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR 311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP 75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP 260.00 / 100 kg, Nó GBP 186.00 / 100 kg go GBP 260.00 / 100 kg, Nó 12.00 %	1 Eanáir	31 Nollaig
	05.2109 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2110 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.9721 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0210.99.21 1602.90.91	An Nua-Shéalainn	350 000 (meáchan conablaigh)	Neamhbhainteach	Nialas	Ó 12.80 % + EUR 90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR 311.80 / 100 kg 12.80 % le haghaidh AC 1602.90.91	Ó 12.00 % + GBP 75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP 260.00 / 100 kg, Nó GBP 186.00 / 100 kg go GBP 260.00 / 100 kg, Nó 12.00 %	1 Eanáir	31 Nollaig
	05.9722 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10 0210.99.29								
	05.9723 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90								
	05.2021 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An Mhacadóin Thuaidh	27 150 (meáchan conablaigh)	Neamhbhainteach	Nialas	Ó 12.80 % + EUR 90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR 311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP 75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP 260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2022 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2023 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.0227 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	An Tuirc	990 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2131 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2132 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.2014 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	Uragua	31 230 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2170/oj

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2111 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2112 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
	05.2016 (Comhéifeacht = 1.00)	0204.10 0204.21 0204.22 0204.30 0204.41 0204.42 0204.50.11 0204.50.13 0204.50.15 0204.50.19 0204.50.31 0204.50.51 0204.50.53 0204.50.55 0204.50.59 0204.50.71	Tíortha seachas Ballstáit an Aontais Eorpaigh	660 (meáchan conablaigh)	Nialas	Nialas	Ó 12.80 % + EUR-90.20 / 100 kg go 12.80 % + EUR-311.80 / 100 kg	Ó 12.00 % + GBP-75.00 / 100 kg go 12.00 % + GBP-260.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.2178 (Comhéifeacht = 1.67)	0204.23.00.11 0204.23.00.91 0204.43.10.00 0204.50.39.10 0204.50.79.10								
	05.2179 (Comhéifeacht = 1.81)	0204.23.00.19 0204.23.00.99 0204.43.90.00 0204.50.39.90 0204.50.79.90								
Mairteoil	05.4450	0201.30.00.31 0201.30.00.39 0206.10.95.11 0206.10.95.15	An Airgintín	3 330	20.00 %	20.00 %	12,80%+EUR-304.10 / 100 kg	12,00%+GBP-253.00 / 100 kg	1 Iúil	30 Meitheamh
	05.4001	0202.30.90.47 0202.30.90.48	An Astráil	25 350	20.00 %	20.00 %	12,80%+EUR-304.10 / 100 kg	12,00%+GBP-254.00 / 100 kg	1 Iúil	30 Meitheamh

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2170/oj

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.4451	0201.20.90.11 0201.20.90.15 0201.30.00.31 0201.30.00.39 0202.20.90.11 0202.20.90.15 0202.30.10.11 0202.30.10.15 0202.30.50.11 0202.30.50.15 0202.30.90.11 0202.30.90.15 0206.10.95.11 0206.10.95.15 0206.29.91.11 0206.29.91.15 0206.29.91.21 0206.29.91.29		112 830	20.00 %	20.00 %	Ó 12.80%+EUR-221.10 / 100 kg go 12.80%+EUR-304.10 / 100 kg	Ó 12.00%+GBP-185.00 / 100 kg go 12.00%+GBP-254.00 / 100 kg	1 Iúil	30 Meitheamh
	05.4970	0201 0202 0206.10.95 0206.29.91 0210.20 0210.99.51 0210.99.59 1602.50 1602.90.61 1602.90.69		433 330	Neamhbhainteach	Nialas	Ó 12.80%+EUR-221.10 / 100 kg go 12.80%+EUR-304.10 / 100 kg 160250 = 16,-60 % nó EUR 304.10 / 100 kg 16029061 = EUR 304.10 / 100 kg 16029069 = 16,60%	Ó 12,00%+GBP-147.00 / 100 kg go 14,00%+GBP-253.00 / 100 kg, nó GBP 253.00 / 100 kg, Nó 16.00 %	1 Eanáir	31 Nollaig

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.4453	0201.30.00.31 0201.30.00.39 0202.30.90.11 0202.30.90.15 0206.10.95.11 0206.10.95.15 0206.29.91.11 0206.29.91.15 0206.29.91.21 0206.29.91.29	An Bhrasaíl	68 002	20.00 %	20.00 %	Ó 12.80%+EUR-221.10 / 100 kg go 12.80%+EUR-304.10 / 100 kg	Ó 12.00%+GBP-253.00 / 100 kg go 12.00%+GBP-254.00 / 100 kg	1 Iúil	30 Meitheamh
	05.8400	0201.10.00.21 0201.10.00.92 0201.10.00.97 0201.20.20.21 0201.20.20.92 0201.20.20.97 0201.20.30.21 0201.20.30.92 0201.20.30.97 0201.20.50.21 0201.20.50.92 0201.20.50.97 0201.20.90.11 0201.20.90.91 0202.10.00.11 0202.10.00.91	Ceanada	2 505	Nialas	Nialas	Ó 12.80%+EUR-221.10 / 100 kg go 12.80%+EUR-304.10 / 100 kg nó 15.40%+EUR-303.40 / 100 kg Nó 12,80 %	Ó 12.00%+GBP-118.00 / 100 kg go 14,00%+GBP-253.00 / 100 kg, nó 12.00 %	1 Eanáir	31 Nollaig

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2170/oj

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
		0202.20.10.11 0202.20.10.91 0202.20.30.11 0202.20.30.81 0202.20.30.83 0202.20.30.85 0202.20.30.87 0202.20.50.11 0202.20.50.91 0202.20.90.11 0202.20.90.91 0206.10.95.11 0206.10.95.91								
		0206.29.91.11 0206.29.91.21 0206.29.91.33 0206.29.91.37 0206.29.91.41 0206.29.91.44 0206.29.91.51 0206.29.91.61 0206.29.91.71 0206.29.91.91 0210.20.10.10 0210.99.51.10 0210.99.59.10								

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.8401	0201.30.00.31 0201.30.00.41 0202.30.10.11 0202.30.10.81 0202.30.10.83 0202.30.10.85 0202.30.10.87 0202.30.50.11 0202.30.50.81 0202.30.50.83 0202.30.50.85 0202.30.50.87 0202.30.90.11 0202.30.90.41 0202.30.90.43 0202.30.90.45 0202.30.90.47		2 505	Nialas	Nialas	Ó 12.80%+EUR-221.10 / 100 kg go 12.80%+EUR-304.10 / 100 kg	Ó 12.00%+GBP-185.00 / 100 kg go 12.00%+GBP-254.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2170/oj

Catagóir earraí	Sraithuimhreacha cuóta	Cóid Tráchtearra	Tír Thionscnaimh	An uaschainníocht bhliantúil (kg) (meáchan an táirge mura sonraítear a mhalairt)	Rátaí laistigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí laistigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid an Aontais	Rátaí lasmuigh den chuóta de chuid na Ríochta Aontaithe	Tréimhse an Chuóta Bhliantúil	
									An Dáta a Osclófar an Cuóta	An Dáta a Dhúnfar an Cuóta
	05.8402	0210.20.90.11 0210.20.90.91		2 505	Nialas	Nialas	15.40%+EUR-303.40 / 100 kg	14.00%+GBP-253.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig
	05.9280	0201.10.00.29 0201.10.00.94 0201.10.00.98 0201.20.20.29 0201.20.20.94 0201.20.20.98 0201.20.30.29 0201.20.30.94 0201.20.30.98 0201.20.50.29 0201.20.50.94 0201.20.50.98 0201.20.90.15 0201.20.90.99 0201.30.00.39 0201.30.00.49 0201.30.00.90 0206.10.95.15 0206.10.95.99		8 619	Neamhbhainteach	Nialas	Ó 12.80%+EUR-141.40 / 100 kg go 12.80%+EUR-304.10 / 100 kg	Ó 12.00%+118.-00 GBP / 100 kg go 12.00%+GBP-253.00 / 100 kg	1 Eanáir	31 Nollaig

